Seachtain na bPlúiríní Sneachta i nGairdíní Altamont

Tá an tEarrach linn go hoifigiúil agus mar chruthú ar sin tá na plúiríní sneachta go flúirseach i nGairdíní Altamont. Beidh Seachtain na bPlúiríní Sneachta ansin ag tosú ar Lá Fhéile Vailintín, an 14 Feabhra. Is iontach an radharc é – brat bán de phlúiríní ag síneadh amach thar gháirdíní gleoite Altamont. Cuireann muintir an phobail i gcoitinn gan trácht ar dhíograiseoirí na garraíodóireachta fíorchaoin fáilte roimh Fhéile na bPlúiríní Sneachta chuile bhliain....Anois teacht an Earraigh srl!

Leanfar le himeachtaí na seachtaine go dtí Dé Domhnaigh, 20 Feabhra agus beidh turasanna treoirithe le príomh gharraíodóir Altamont ar fáil gach lá ag tosnú ag 2.00 san iarnóin. Chomh maith leis an mbailiúchán de phlúiríní éagsúla beidh rogha leathan de bhleibíní luath an earraigh le feiceáil sna gairdíní. Tá cead isteach saor in aisce chuig Gairdíní Altamont, a chlúdaíonn 40 achar ar fad, am ar bith ó 9.00 ar maidin go 4.30i.n. ach gearrfar táille €2 chun dul ar an turas faoi threoir agus i gcás grúpaí móra ní foláir clárú roimhré.

Gach eolas ar fáil ach glaoch ar 059 9159444. Bain taitneamh as do chuairt agus fág slán go hoifigiúil le séasúr an Gheimhridh.